Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0375(COD)**

**14386/21**
**ADD 1**

**AG 111**
**INST 422**
**PE 114**
**FIN 931**
**DATAPROTECT 272**
**CODEC 1554**
**DISINFO 39**
**FREMP 280**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14388/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 734 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 734 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 4.

Faoi iamh: COM(2021) 734 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 4

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 734 final

ANNEXES 1 to 4

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)**

{SEC(2021) 577 final} - {SWD(2021) 359 final} - {SWD(2021) 360 final}

GA GA

| ⬇ 1141/2014 (oiriúnaithe) (adapted) ⇨ nua |
|---|

# IARSCRÍBHINN I

***DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH ATÁ LE COMHLÁNÚ AG GACH IARRATASÓIR***

Déanann an duine a bhfuil a shíniú anseo thíos, a bhfuil sainordú iomlán aige ó [ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí], a dheimhniú leis seo:

go bhfuil [ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireacht polaitiúla Eorpaí] ⇨ agus a chomhaltaí a bhfuil a suíomh acu laistigh den Aontas Eorpach ⇦ tiomanta na coinníollacha le haghaidh clárú a leagtar síos in ~~bpointe (c) d'~~Airteagal 3(1), pointí (d) agus (e), nó ~~pointe (c) d'~~ Airteagal 3(2), pointí (c) agus (d), den ~~Rialachán (AE, Euratom)~~⌦ [Rialachán seo] ⌫ ~~Uimh. 1141/2014~~ a chomhlíonadh, i.e. go ndéanfaidh sé a chomhall, ina chláir/cláir agus ina ghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, faoi mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, eadhon meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcothromas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

---

| ⇩ nua |
|---|

Tá [ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireacht polaitiúla Eorpaí] tiomanta a áirithiú go mbeidh feidhm ag an méid céanna maidir lena pháirtithe comhalta nó lena eagraíochtaí comhalta a bhfuil a suíomh acu san Aontas agus go gcomhlíonfaidh a pháirtithe comhalta nó a eagraíochtaí comhalta a bhfuil a suíomh acu lasmuigh den Aontas luachanna coibhéiseacha.

---

| ⬇ 1141/2014 |
|---|

Sínitheoir údaraithe:

| | |
|---|---|
| Teideal (Bn, an tUas., …) sloinne agus céadainm: | |
| Feidhm san eagraíocht atá ag déanamh iarratais ar chlárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach/fondúireacht pholaitiúil Eorpach: | |
| Áit/dáta: | |
| Síniú: | |

⇩ nua

## [IARSCRÍBHINN II

**(1) Faisnéis faoi fhógraíocht pholaitiúil atá le cur ar fáil sa stór le haghaidh nochtadh páirtithe polaitiúla Eorpacha**

– naisc chuig an bhfógrán mar a foilsíodh é nó nuair is gá, samplaí d'ábhair feachtais fógraíochta fuaime nó amhairc eile;

– ráiteas sealadach maidir leis na méideanna a chaith nó a leithdháil an páirtí polaitiúil Eorpach chun an fógrán polaitiúil a ullmhú, a chur, a fhoilsiú agus a scaipeadh mar aon leis na méideanna iarbhír nuair is eol iad;

– foinse na gcistí atá á n-úsáid maidir leis an bhfeachtas fógraíochta sonrach, lena n-áirítear maidir le fógrán polaitiúil a ullmhú, a chur, a fhoilsiú agus a scaipeadh.

– sa chás go n-úsáidtear teicnící spriocdhírithe, faisnéis fhóinteach faoi na teicnící a úsáidtear, lena n-áirítear na pointí a luaitear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla].

**(2) Faisnéis atá le cur ar fáil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha ar a suíomh gréasáin**

– faisnéis arna comhiomlánú go bliantúil faoin úsáid a bhaineann sé as fógraíocht pholaitiúil spriocdhírithe;

– liosta de na feachtais shonracha lenar úsáideadh fógraíocht pholaitiúil;

– na méideanna a caitheadh ar fhógraíocht pholaitiúil gach bliain le 5 bliana anuas;

– na slabhraí dáilte a úsáideadh;

– nasc chuig an bhfaisnéis arna cur ar fáil sa stór le haghaidh nochtadh páirtithe polaitiúla Eorpacha.]

▼

<u>**IARSCRÍBHINN III**</u>

**Rialachán Aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air**

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1) |
| Rialachán (AE, Euratom) 2018/673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 114I, 4.5.2018, lch. 1) |
| Rialachán (AE, Euratom) 2019/493 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 085I, 27.3.2019, lch. 7) |

# IARSCRÍBHINN IV

### TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2, an fhoclaíocht réamhráiteach | Airteagal 2, an fhoclaíocht réamhráiteach |
| Airteagal 2, pointí (1) go (8) | Airteagal 2, pointí (1) go (8) |
| Airteagal 2, pointe 8a | Airteagal 2, pointe 9 |
| Airteagal 2, pointe 9 | Airteagal 2, pointe 10 |
| […] | […] |
| Iarscríbhinn | Iarscríbhinn I |
| - | Iarscríbhinn II |
| - | Iarscríbhinn III |
| - | Iarscríbhinn IV |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. Cineál an togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cearta bunúsacha, an daonlathas, rannpháirtíocht pholaitiúil, an margadh inmheánach

#### 1.3. Baineann an togra le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

**X síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Sna Treoirlínte Polaitiúla agus sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach de chuid an Uachtaráin von der Leyen, fógraíodh bearta chun trédhearcacht níos fearr i ndáil le fógraíocht pholaitiúil ar íocaíocht a áirithiú agus rialacha níos soiléire a áirithiú freisin maidir le cistiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

Fuarthas amach sa mheastóireacht ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 gur chruthaigh an Rialachán sin creat dlíthiúil úsáideach maidir le feidhmiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, ach sainaithníodh roinnt bealaí éalaithe ann. Is é is aidhm don athbhreithniú ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 na bealaí éalaithe sin a dhúnadh ionas gur féidir le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a rialacha a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr mar a leagtar amach in Airteagal 10(4) CAE.

Sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le toghcháin Eorpacha 2019, tugadh faoi deara an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht mhéadaithe san fhógraíocht pholaitiúil chun athléimneacht agus sláine na bpróiseas toghchánach san Aontas a áirithiú. Tugadh faoi deara freisin gur cuireadh an moladh ina leith sin ó phacáiste toghcháin 2018 chun feidhme ar bhealach teoranta agus gur gá tuilleadh beart a dhéanamh.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Tá deacrachtaí ag páirtithe polaitiúla Eorpacha, go háirithe na páirtithe beaga sin, an ráta cómhaoinithe 10 % a leagtar amach faoi láthair i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a mheaitseáil. Ar an gcúis sin, déanfar a ráta cómhaoinithe a ísliú agus a ailíniú le ráta fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, is é sin 5 %.

Don bhliain ina reáchtálfar toghcháin Pharlaimint na hEorpa, is é 0 % a bheidh sa ráta

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

cómhaoinithe do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, d'fhonn é a chur ar a gcumas acu cur go héifeachtach le spás fíor-Eorpach daonlathach agus díospóireacht pholaitiúil uile-Eorpach a chruthú.

Chun a áirithiú go reáchtálfar toghcháin do Pharlaimint na hEorpa faoi rialacha láidre daonlathais, tá leasuithe sonracha ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 á moladh ag an gCoimisiún chun ardchaighdeáin trédhearcachta, spriocdhíriú agus aimpliú a ráthú. Is é is aidhm dó smachtbhannaí airgeadais a cheadú ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha nach gcloíonn le hardchaighdeáin trédhearcachta, le spriocdhíriú ná le haimpliú.

An tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás'), arna bhunú le hAirteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, ba cheart dó stór le haghaidh nochtadh páirtithe polaitiúla Eorpacha a bhunú agus a bhainistiú. Ní mór do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a áirithiú, i gcás gach fógra pholaitiúil a fhoilseofar, go mbeidh faisnéis fhóinteach a mbeidh teacht uirthi go héasca ar fáil sa stór le haghaidh saoránach, lena n-áirítear faisnéis faoin méid a chaitear ar an bhfógraíocht agus faoi fhoinse an chistithe a úsáideadh.

Is gá a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Údarás chun a chúraimí a thabhairt i gcrích go hiomlán, idir na cúraimí dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 atá i bhfeidhm cheana agus na cúraimí nua atá beartaithe sa togra athmhúnlaithe seo. Chun sin a áirithiú, tá gá le soláthar foirne cobhsaí agus láidriú na n-acmhainní daonna a sholáthraítear faoi láthair don Údarás.

### *1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é is aidhm don togra na bealaí éalaithe atá ann cheana i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a dhúnadh chun cuidiú le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a ról a chomhlíonadh faoi Airteagal 10(4) CAE agus Rialachán Uimh. 1141/2014, is é sin rannchuidiú le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú.

Is é is aidhm don togra a áirithiú go ndéanfar fógraíocht pholaitiúil páirtithe polaitiúla Eorpacha a bhainistiú agus a nochtadh ar bhealach trédhearcach, lena n-áirítear oibleagáidí faisnéis a fhoilsiú in éineacht leis na fógráin pholaitiúla, chomh maith le tuilleadh faisnéise a choinneáil agus a nochtadh chun cuntasacht a chur ar fáil le linn thréimhse na dtoghchán.

### *1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Táscaire 1

An líon páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fuair níos lú cistí de chuid an Aontais ná mar a cuireadh i leataobh mar gheall ar a n-éagumas an ráta cómhaoinithe / bliain a mheaitseáil

Táscaire 2

An líon feachtas tras-Eorpach a reáchtáil páirtithe polaitiúla Eorpacha roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa

Táscaire 3

Comhlíontacht le caighdeáin an Aontais Eorpaigh bunaithe ar aiseolas a fuair an tÚdarás faoi pháirtithe polaitiúla

Táscaire 4

Féin-tuairisciú na comhlíontachta leis na rialacha is infheidhme ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ba cheart an córas a leagtar amach thuas a bheith i bhfeidhm i bhfad roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i mí na Bealtaine 2024 chun (i) é a chur ar a gcumas do na páirtithe polaitiúla Eorpacha feachtas éifeachtach a dhéanamh agus (ii) na bearta míchuí thuasluaite a dhíspreagadh. Chun go mbeidh na smachtbhannaí sin oibríochtúil, agus chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní uile is gá ag an Údarás chun a chúraimí uile a bhainistiú, ba cheart acmhainní daonna breise a sholáthar a luaithe is féidir agus sa chéad dul síos trí acmhainní a athlonnú chun na cúraimí sin a dhéanamh sula gcruthófar an tÚdarás.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Baineann an togra leis an gcóras le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá bunaithe ar leibhéal an Aontais. De bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, is comhlachtaí iad sin a bhfuil pearsantacht dhlítheanach Eorpach acu. Is comhlacht a bhfuil pearsantacht dhlítheanach Eorpach aige é an tÚdarás freisin de réir dhlí an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is trí bhearta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh amháin is féidir na cuspóirí atá luaite thuas a shaothrú.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Rinneadh an ráta cómhaoinithe do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a laghdú de réir a chéile ó 25 % (ceanglas dlíthiúil in 2003/2004) go 10 % (leasú 2018 ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014). Mar sin féin, tá deacrachtaí fós ag páirtithe polaitiúla Eorpacha na hacmhainní dílse is gá a chur le chéile chun an ráta cómhaoinithe a mheaitseáil.

I Rialachán (AE, Euratom) Uimh.  41/2014 tá oibleagáidí maidir le trédhearcacht i ndáil le maoiniú agus caiteachas feachtas toghcháin, arna bhfoilsiú i ráitis airgeadais bhliantúla. Cuireann an tÚdarás roinnt moltaí neamhcheangailteacha ar fáil freisin, ach gan aon faireachán leantach ar chomhlíontacht áfach. Thairis sin, sa Mholadh a ghabhann le Pacáiste Toghcháin 2018 an Choimisiúin, moladh do na páirtithe polaitiúla Eorpacha bearta a ghlacadh chun réimse faisnéise faoina bhfógraíocht féin a chur ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoi spriocdhíriú. Dá thoradh r sin, i dtoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa, níor chomhlíon páirtithe polaitiúla Eorpacha an leibhéal trédhearcachta a moladh i bPacáiste Toghcháin 2018.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Níor ghá aon athrú a chur ar uasteorainn an chaiteachais riaracháin d'institiúidí an Aontais

dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Is le hathlonnú acmhainní atá ann cheana a dhéanfar an méadú atá beartaithe ar sholáthar foirne don Údarás.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a **bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta**

☐·Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

**X tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[2]

**X Bainistiú díreach** a dhéanfadh Parlaimint na hEorpa tríd an Údarás

☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐·BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach Ballstáit, a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Is as teideal buiséid sonrach (Teideal 5) de chuid Pharlaimint na hEorpa a mhaoinítear an tÚdarás. Léireofar líon agus comhdhéanamh na foirne i mbarúlacha buiséid an teidil shonraigh. Tá cúraimí Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa tarmligthe do Stiúrthóir an Údaráis de réir phointe 7 d'Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

[2] Tá mionsonraí na modhanna bainistíochta agus tagairtí do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 le feiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| Leanfaidh an tÚdarás de bheith ag eisiúint tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014. Tuairisceoidh Parlaimint na hEorpa faoi na hoibríochtaí airgeadais a bhaineann leis an ngníomhaíocht mar chuid de thimthriall cuntasaíochta bliantúil an Aontais. |

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Ós rud é gur comhlacht ar leith é an tÚdarás (comhlacht neamhspleách ach a bhfuil a bhuiséad ina chuid de bhuiséad Pharlaimint na hEorpa) is iad na céimeanna atá beartaithe agus iad sin amháin atá loighciúil i bhfianaise na riachtanas atá leagtha amach thuas. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Is ionann na rioscaí airgeadais atá i gceist agus rioscaí airgeadais aon chuid de chaiteachas riaracháin institiúidí an Aontais Eorpaigh agus chumhdófaí iad sa chás seo le córas rialaithe inmheánach Pharlaimint na hEorpa. |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Níl aon chóras rialaithe nua beartaithe agus ní suntasach é an t-ualach breise a thiocfadh as na hathruithe seo ar chóras rialaithe inmheánach Pharlaimint na hEorpa. |

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Bheadh feidhm le forálacha reatha Pharlaimint na hEorpa i leith a chaiteachais riaracháin maidir leis an gcaiteachas atá leagtha amach anseo.

# 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

## 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[3]. | ó thíortha de chuid CSTE[4] | ó thíortha is iarrthóirí[5] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 |
| 7 | Roinn I – Parlaimint na hEorpa | LD/LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

3 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

4 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

5 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'An Riarachán Poiblí Eorpach' |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Bliain **N+4** | Bliain **N+5** | Bliain **N+6** | Bliain **N+7** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | | | | | | | | | | |
| ○ Acmhainní Daonna | | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | **1.216** |
| ○ Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN Parlaimint na hEorpa** | Leithreasuithe | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | **1.216** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N**[6] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Bliain **N+4** | Bliain **N+5** | Bliain **N+6** | Bliain **N+7** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | **1.216** |
| | Íocaíochtaí | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | **1.216** |

6 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe [an chomhlachta]*

X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[7] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[8]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

7 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

8 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Údaráis*

Is ionann na hacmhainní atá leagtha amach thíos agus na hacmhainní atá leagtha amach i roinn 3.2.1. thuas; táthar á n-athlua anseo sa chaoi gur léir gur le haghaidh an Údaráis atá na hacmhainní uile lena mbaineann.

3.2.3.1. Achoimre

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** [9] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Bliain **N+4** | Bliain **N+5** | Bliain **N+6** | Bliain **N+7** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AD) | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 0.152 | 1.216 |
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AST) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ball foirne ar conradh | | | | | | | | | |
| Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.152** | **0.152** | **0.152** | **0.152** | **0.152** | **0.152** | **0.152** | **0.152** | **1.216** |

Soláthrófar na leithreasuithe riaracháin is gá le baill leithreasuithe a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Institiúid, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Institiúid atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir leis an mbuiséad bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **N** [10] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Bliain **N+4** | Bliain **N+5** | Bliain **N+6** | Bliain **N+7** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AD) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | **1** |
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AST) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |

9 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

10 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ball foirne ar conradh | | | | | | | | | |
| Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** |

**Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ó na hInstitiúidí a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Institiúid, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Institiúid atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir leis an mbuiséad bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.**

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

X Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

☐ Is éard a bheidh sa togra/tionscnamh athshannadh an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

[…]

☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[11].

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

[…]

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

[11] Féach Airteagail 11 agus 17 de Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

- ☐ ar acmhainní dílse
- ☐ ar ioncam eile
- ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[12] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

---

12 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.